Lubhghort fíneamhna fuil Ír
[O’Conor Don, 264a]
Fergal Óg Mac an Bhaird cecinit
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Lubhghort fínemhna fuil Ír
dlighid umhla ar gach éintír
urraim súas aca uile
slata go ccnúas ccúbhruidhe.
2 Lubhgort fínemhna fuair geall
fuil Ír tar úaislibh Éirenn
rioghroidh chosnamha chláir Ghrég
orsanna cáigh do choimhéd.
3 Slata (d)tegar Temhrach Bregh
gabhla foluing mac Míledh
croinn dob fodhnocht don uile
lobhgort do choill chúmhroidhe.
4 Úaithnedha íarthoir dhomhain
cosnamhaigh chláir Chonchobhair
roíghne gasroidhe benn mBregh
dream dán cásmhoile creidemh.
5 Croinn fpailme fpartais Adhaimh
lucht úaislighthe and analaidh (?)
na réultona ó ráith na bFionn
éuntogha cháich go coitchenn.
6 Gúais sheabhaic fár gheis an lía
lega úaisle na hIndía
slúaig merchorra muighe Rath
feuthlonna toighe Temhrach.
7 Dlighid a n-áoinecht uile
bheith umhal d’fuil Rughruidhe
láoich lér leirthiledh fíadh Floinn
gach einchinedh riam romhoinn.
8 Comhtha ar gach airdri(o)gh oile
’ma ccuairt ag cloinn Rúghraidhe
cáora búadha tolcha an Trír
’s gan comhtha úadha d’airdrígh.
9 Slechtuin d’úaislibh innsi Bregh
ar son nach dligter dhibh-sen
ríoghraidh chláir éuchtuidh Eine
slechtuin dháibh do dlighfidhe.
10 Ni dhlighenn éunchlann oile
coimes ré cloinn Rúghruidhe
aca féine as gnáth geall[s]
slata réidhe ó Rath Ráoilenn.
11 Ni thiocfa ’s ní tainic ríamh
a ccommaith do crich Ghailían
fíorbhun don fheile uile
ríoghraidh [fh]réimhe Rugruidhe.

12 Leabhair Fhód(h)la cenn a ccenn
náoimh as ollamuin Éirenn
cuire le bfogh(th)ar gach fáidh
’ga moladh uile d’é(i)nláimh.
13 Do-chúaidh a cclú fan ccruinne
commaith chloinne Rúghraidhe
an mhacraidh ó mhúr na bFionn
nír saltair úr na hÉirenn.
14 Do derbaigh a ndubhairt me
én dar comainm Cerc Bhóirce
fuil Ír tar an uile fer [264b]
díbh an duine lér dáiledh.
15 Neach díobh tug [a] éngha úaidh
as fir Eirionn a n-éunuair
cráobh toruid do thogh gach fáidh
ag cur ’na aghaidh d’énláimh.
16 Tug úaidh an fer cédna a chenn
ar son clú día do dithcheall
do mac ochta fhian Uladh
ríar rer dhocra dealughadh.
17 Re sliocht nÍr as adhbur tnúidh
neach dhíobh tug úadha a énshuil
geall ag an tí do toirbir
rí dob ferr fa athchoingidh.
18 Neach dob ferr a n-inis Ír
diobh fós Cuanna mac Coilcín
commaith Cuanna riamh roimhe
ní chúala d’fhíadh Iúgoine.
19 Diobh Fer Dorcha mac Domhnaill
sás iomchuir gach anfhorlainn
cáor bhúaidhe chláir na ccuradh
Gúaire cháigh do chathughadh.
20 Ga ttam ris rugadair sin
geall féile ⁊ geall gaisgidh
ríoghraidh thoghtha bhrúaigh Beannchuir
buaidh ortha tar Éireannchaibh.
21 Ga beg dhuin da derbadh soin
go ccuiredh énláoch d’Ulltoibh
ní terc duine le ndearbhtur
a nert uile ar Éireannchaib.
22 Leó do thuit síad cenn a ccenn
forgla airdriogh na hEirenn
’s rí an domhain ó mhuir go muir
as foghail í nach íocthair.
23 Cuirte daingne an domhain thoir
do lingthi íad lé hUlltuibh
as carn Balair úair eile
as bruaigh chaluid Corcuidhe.
24 O mhuir tToirrían na ttracht tte

do ghabhdaois go bruach mBoinne
’s o Boinn geigleabhair bhinn bhrais
go rinn n-éigneduigh Iorrais.
25 O chiomhsuib Lochlann a-le
leó nír f(h)ágbhadh fiú an mhíle
síar go heirr mhuighe Mumhan
don cruinne gan chúartughadh.
26 Láoich gan cruas acht crúas cogaidh
as é a crioch gur chosnadair
gasraidh sheólta sidhe Lir
righe na hEórpa ar eigin.
27 Da mbeinn fedh blíadhna go becht
ag ríomh a n-echt a n-áoinecht
na láoich dar leónadhʳ fíadh Floinn
a ttrían d’áiremhʳ ní fhédfuinn.
28 Ge a-ta a ccartaigh chloinne hÍr [265a]
faghail úmhla ó gach éintir
a-ta ag Áodh úmhlocht orra
craobh do lúbhgort Líathdroma.
29 Gé fúair síad-san geall Gáoidheal
tuc cách ós da commáoidhemh
an geall d’áondhuine uile
áodhaire bhenn mBóruimhe.
30 O fuair geall [fh]reimhe Rosa
cía as medh do Mag Áongusa
sé ós các mur as cubaidh
gnáth an ré ós réultanuibh.
31 An dubhradh riam maith búdh mó
ré nech d’Éirinn a n-áonló
do sháraidh cleth Cró a chinidh
nech ’na chló ní cuirfidhir.
32 Fer Dórcha mac Domnaill óig
nach ttug ré filidh fíormóid
slat dochaithme as ferr don fhiodh
ceann cothuighthe mac Míleadh.
33 Áodh mac Domhnaill dreach corcra
glún deiridh na dáonachta
go ttí an brath ní bertháoi a gheall
da bfeghtháoi cách go coitchenn.
34 Mar théid fínemhain tar fiodh
do-chúaidh os cionn mhac Milead
eineach Gáoidheal clair Críomhthain
do bháidh áoinfer d’Éirionnchaibh.
35 Da dhearbadh gurab é as ferr
caithfid(h) ollamhuin Éirenn
sgíath na bfeindeadh ón táobh thúaidh
dénamh ar Áodh a n-énúair.
36 Oighre Subhaltuigh mar soin
ar ollamhnaibh fhóid Fionntoin

ursa an tshlúaigh ón Bhoinn brecghlais
do fhóir ar úair n-éigentais.

37 Oigre Subhaltaigh serc ban
filidh Fód(h)la a nDún Dealgan
do fhosd gég Ile ma[s] fhíor
mile as da chéd a ccoimhlíon.

38 Secht mblíadhna dóibh ’na dhíaigh s[a]in
ag deghmhac Fhechtna Fháthaigh
gan dol úadha soir nó siar
ó shoin ní chúala a choimhfhíal.

39 Do díb(h)redh fós fecht oile
filidh innsi hlúghoine
dóibh dob(h) umhal an trían túaidh
go hiadh nUladh an athúair.

40 Fíacha mac Báodain go mbuaidh
do connuibh iad an athúair
sé ar mhéin na riocráobh roimhe
fíoncháor do fhréimh Rúghraidhe.

41 An treas úair ní iul folaigh [265b]
ionnarbtur na hollamhuin
leó do hionnradh fonn Fód(h)la
drong nárbh iongnad d’furfhógra.

42 Máol Cobha ceann chloinne hÍr
tri blíadhna íad ’gan airdrigh
im shéd nír donnadh a dreach
da céd deg ollamh úaibhreach.

43 O sin a-le lor do bhloidh
geall fher nEirenn ag Ulltaibh
fréumh an einigh leth ar leath
na deighfhir nar éur áoinneach.

44 Gach uair dar hionnarbadh inn
fuil Ír d’aimhdheóin fer nÉirinn
as íad soin do fhegh óirne
an tred ó mhoigh Modhairne.

45 Iar sin ar son ar ccábra
tugamur tus ealadhna
ós Ulltoigh do úaisligh inn
d’Ulltoibh tar úaislibh Éirinn.

46 Tús molta ón ló sin a-le
ag cloinn Ír d’éis a chéile
’s tús ag Áodh úathaibh uile
craobh ó thúathaibh Toruidhe.

47 Da mbeth gan Áodh d’aicme Ír
tús d’faghail tar gach n-airdrígh
grúaidh shídhe lé bfhuil gach fáidh
do tuir Íle nír fhuláir.

48 Fada do bi Banba Bregh
a ccartaigh aga chinedh
níorb folair do bháidhbh Bhennchoir

gairm d’foghail ré nEirennchoibh.
49 Náoi ccéd bliaduin deóigh a ndeóigh
d’fuil Rosa ní rádh aineóil
gasroidh fhionn na ngéirrenn nglan
os cionn Éirenn as Uladh.
50 Go ccaithtí an sáoghal mur soin
do bhíath da mbeidis d’éntoil
Banbha aca díaigh a ndíaigh
na slata abhla d’éincríaidh.
51 Cur riú um cennus criche Bregh
nír fhóbradur mic Mhíledh
na tréinfhir ó bruach Banna
fúath gur eirigh etorra.
52 Nó gur dhóirtsiod féin a bfuil
do bhíadh d’aimhdheóin fer nUladh
slata réidhe mhuighe Máil
Éire uile ’na n-orrláimh.
53 Ríoghraidh éuchtach brúaigh Bhanna
ceilfid ar fhás etorra
techt [i]na ndíaigh d’Áodh Engach
craobh do críaidh na cláoinTemhrach.
54 Bráighe gill [fh]réimhe Rosa [266a]
as é Áodh Ó hÁongusa
as Áodh Engach da fhine
náomh Temhrach da thairngire.
55 Ibh Eathach na ccleth ccúmhra
uirre ad-chíam a comhardha
as é [a?] hÁodh an t-Áodh iodhan
sé ag gach áon da f[h]oillsioghadh.
56 Na croinn lupta lán do mhil
na linnte lán do mháighribh
na tolcha fa Dhún Droma
gan clumh orrtha acht iothlanna.
57 Grían geimhridh i mBeinn mBoirche
tráighidh eas lé hénoidhche
san táoibh thoir go núaidhe a-niogh
as-toigh as fúaire aimsior.
58 Trí ceóil nach neimbeinn le nech
gotha a sreabh faoidhe a fírbeach
críoch na ttrágh ngainmidhe nglan
as glár ainglidhe a healtan.
59 Na tolcha fa chleith Chabha
lán do legaibh lóghmara
taisdil mhuidhe cúirte an cháoil
ní fhúicfe duine diomháoin.
60 Ní ferthar fáoi ach frais do mhil
do-chúaidh cosg ar gháoith ngeimhridh
ga meisde tegh gan tuighe
ré seal fleisge Fernmhuighe.

61 Mór n-airdrigh ma a éarla nocht
ní hiongnadh rath ’na riogocht
bláth na ccraobh ón Bhaoill [?]ghil
nach máoidh ar áon athchuingidh.

62 Ocht rí dhég mur deir an sdair
(a)s tri fichid rí[ogh] do ríoghaibh
rug céim tar gach n-áon oile
im Áodh san réim ríoghroidhe.

63 Gach airdri dar airimh me
tig dhíobh a ndíaigh a chéile
díol Gáoidhi[o]l uile d’óigre
sáoirfher mhuighe Modhoirne.

64 Rí oirbertach fola hÍr
mesuim é ris gach n-airdrigh
dar gabh Banba riam roime
cían ó tharla a ttarrngoire.

65 Niall dár feradh na frasa
mesuim ré Mag Áongasa
nír therc áon do reic romhaibh
dheit(h) a Áodh as ionnamhail.

66 Riot(h) do mhesfuinn echt oile
Murchadh mac Bríain Bhóromha
nó Conaire nár mhuidh mionn
a thuir rómhuighe Ráoilionn.

67 A troigh luthmur linges troid [266b]
a mic Í Dhuibhne a Dhíarmuid
a shéd búaidhe a tráigh thoraidh
a Ghúaire chláir Concobhair.

68 A Náoisi a Chonuill Cernuigh
a mhic Róich ó righThemhruigh
an bfuil áondhuine ar chlú ad chuing
a Laoghair[e] a Chú Chuluinn.

69 A Osgair ré hedh ngábhuidh
a Eachdhair a Iollánuigh
a Dha Thí [fh]réimhe Rosa
as í t’fhéile th’ionnmhus-[s]a.

70 A lámh as éinmhionn d’Ultaibh
a dheghchroidigh dhaonnachtaigh
a bheithir fhóid bennchuirr Bhreagh
a cerchuill na ccóig ccóigedh.

71 A chloch chuil íarthoir Eórpa
a bhárc dhaingen dhoileónta
a bhláth coillbhiledh bhenn mBreagh
dar toirbhiredh geall nGáoidheal.

72 A thonn rabharta ós cionn chúain
a tráigh iondhola an athúair
a croidhe as daingne ag dáil shledh
a mháigre ó traigh na ttréinfer.

73 A nathair nertmar nimhe

a leóghan ar láidire
sgél fa dheóigh ní foghaim ort
a eóin choluim ar cennsacht.
74 A thosach clú fher nOiligh
a dheiredh an deghoinigh
gan nech ré t’fhéile ag iomáidh
leth t’fhéile nír airmhemair.
75 A mheic Eilísi a fholt fionn
a sherc óiginghen Éirionn
tug gach duine aghaidh ort
mar shamhail luibhe a lúbhghort.[x]
76 A fPedair a cruth corcra
a dhoirrseóir na daonnachta
bíoth do ghrás tar mh’uile olc
ag fás mur luibhe a lúbhghort.
77 Trúagh do bheith fan lía luidhe
a mhic ríogh fhóid Áolmhuighe
gan aighthe dhámh im fhíon ort
fa-ríor ní lán do lúbhghort. Lubhghort…